# Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí

# Kerry Education and Training Board

# An Tuairisc ar an mBearna Phá idir na hInscní, 2023



Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí
Kerry Education and Training Board

# Clár na n-ábhar

Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí
Kerry Education and Training Board


Réamhrá 3

An Anailís ar an mBearna Phá idir na hInscní, 2022 4

An Ráiteas ar an mBearna Phá idir na hInscní, 2022 6

## 1. RÉAMHRÁ

Is é an tAcht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021 a thug isteach an bunús reachtach maidir le tuairisciú ar an mbearna phá. Faoi na rialacháin, ceanglófar ar na heagraíochtaí siúd a bhfuil níos mó ná 250 fostaí acu tuairisciú ar a mbearna phá idir na hinscní in 2023.

Is í seo an chéad Tuairisc ar an mBearna Pá idir na hInscní de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (BOO Chiarraí) agus í bunaithe ar an gcaoi a raibh na fostaithe ar an 30 Meitheamh 2023. Is éard atá sa bhearna phá idir na hinscní ná an difríocht idir meánphá na bhfear in aghaidh na huaire agus meánphá na mban in aghaidh na huaire in eagraíocht, beag beann ar a sinsearacht.

Ní mór d'fhostóirí sé thomhas éagsúla a thuairisciú, iad bunaithe ar na sonraí pá ar dháta ar leith a leagann Oifig Comhionannais an Rialtais síos (I.R. Uimh. 264 de 2022).

1. Airmheán na bearna pá idir na hinscní - an difríocht idir an ráta pá airmheánach in aghaidh na huaire a fhaigheann fostaithe lánphá fireanna iomchuí agus an ráta a fhaigheann fostaithe lánphá baineanna iomchuí.
2. Meán na bearna pá idir na hinscní - an difríocht idir an meánráta in aghaidh na huaire a fhaigheann fostaithe lánphá fireanna iomchuí agus an meánráta a fhaigheann fostaithe lánphá baineanna iomchuí.
3. Airmheán na bearna sa bhónas - an difríocht idir an bónas airmheánach a íoctar le fostaithe fireanna iomchuí agus an bónas airmheánach a íoctar le fostaithe baineanna iomchuí.
4. Meán na bearna sa bhónas - an difríocht idir an meánbhónas a íoctar le fostaithe fireanna iomchuí agus an meánbhónas a íoctar le fostaithe baineanna iomchuí. An Tuairisc ar an mBearna Phá idir na hInscní, 2023
5. Cion na mbónas - cion na bhfostaithe fireanna agus baineanna iomchuí ar íocadh pá bónais leo le linn na tréimhse iomchuí.
6. Bandaí pá ceathairíleacha - cion na bhfostaithe lánphá fireanna iomchuí agus na bhfostaithe lánphá baineanna iomchuí atá sna bandaí pá ceathairíleacha seo a leanas: íochtarach, meán-íochtarach, meán-uachtarach agus uachtarach.

Ceanglaítear ar an bhfostóir freisin ráiteas a fhoilsiú ina leagtar amach, ina thuairim féin, na cúiseanna atá leis an mbearna phá idir na hinscní sa chuideachta agus na bearta atá á ndéanamh ag an bhfostóir nó atá beartaithe aige chun deireadh a chur leis an mbearna phá sin nó chun í a laghdú.

## 2. AN ANAILÍS AR AN mBEARNA PHÁ IDIR NA hINSCNÍ, 2022

Miondealú foriomlán ar na hinscní: Fireann 33.75% Baineann 66.25%

- Lánaimseartha Fireann 35.92% Baineann 64.08%
- Páirtaimseartha Fireann 31.03% Baineann 68.97%

| | | |
|---|---|---|
| Dáta na Sonraí | 30 Meitheamh 2023 | **Meán: 4.69% Airmheán: -0.26%** |
| Tréimhse Thuairiscithe - Ó | 30 Meitheamh 2022 | |
| Tréimhse Thuairiscithe - Go dtí | 29 Meitheamh 2023 | |

**Líon na ndaoine ar dháta na sonraí**

| Líon na ndaoine | Fostaithe Lánaimseartha | Fostaithe Páirtaimseartha | **Líon Iomlán na bhFostaithe** | An Líon a bhí Sealadach |
|---|---|---|---|---|
| Fireann | 208 | 144 | **352** | N/B |
| Baineann | 371 | 320 | **691** | N/B |
| **Iomlán** | **579** | **464** | **1,043** | **N/B** |

**Méadracht Bearna Pá idir na hInscní *[Rialacháin 7(1), 8(1), 9(1), 10(1)]***

| | **An Bhearna sa Luach Saothair in aghaidh na hUaire** | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Meán | % | Airmheán | % |
| Fostaithe Lánaimseartha | R.7(1)(a) | **1.9** | *R.8(1)(a)* | **-3.08** |
| Fostaithe Páirtaimseartha | R.7(1)(b) | **7.56** | *R.8(1)(b)* | **0.04** |
| Oibrithe Sealadacha | R.7(1)(c) | **N/B** | *R.8(1)(c)* | **N/B** |

| | **An Bhearna sa Bhónas** | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Meán | % | Airmheán | % |
| Bónas | R.9(1)(a) | N/B | R.9(1)(b) | N/B |

| | % de na Fir go léir | | % de na Mná go léir | |
|---|---|---|---|---|
| % a fuair Bónas | R.9(1)( c ) | N/B | R.9(1)( c ) | N/B |
| % a fuair Sochar Comhchineáil | R.9(1)(d) | N/B | R.9(1)(d) | N/B |

| **Ceathairíleanna Pá** | | % Fireann | | % Baineann |
|---|---|---|---|---|
| Ceathairíl 1 | *R.10(1)(a)* | **51.02** | *R.10(1)(a)* | **48.98** |
| Ceathairíl 2 | *R.10(1)(b)* | **48.98** | *R.10(1)(b)* | **51.02** |
| Ceathairíl 3 | *R.10(1)(c)* | **50.05** | *R.10(1)(c)* | **49.95** |
| Ceathairíl 4 | *R.10(1)(d)* | **49.08** | *R.10(1)(d)* | **50.92** |

Is é 33.75% Fireann agus 66.25% Baineann an cóimheas iomlán idir na fir agus na mná ar fud na heagraíochta.  Léirítear sa tuairisc gurb é -4.69% **meán** na bearna pá idir na hinscní agus -0.26% **airmheán** na bearna pá
idir na hinscní.

Déantar **an Meán** a ríomh tríd an difríocht a fháil idir an meánráta pá in aghaidh na huaire d'fhostaithe fireanna agus an meánráta pá in aghaidh na huaire d’fhostaithe baineanna arna léiriú mar chéatadán de ráta na bhfear in aghaidh na huaire.

Luaitear **Meán** dearfach (4.69%) sa tuairisc, rud a chiallaíonn go raibh meánráta na bhfear in aghaidh na huaire 11% ní b’airde ná meánráta na mban in aghaidh na huaire amhail ar an 29 Meitheamh 2022.

Is é **an tAirmheán** an figiúr a thagann i lár an raoin nuair a liostaítear rátaí na bhfostaithe go léir in aghaidh na huaire ón gceann is ísle go dtí an ceann is airde.  Is minic a bhíonn sé sin ina léiriú níos cruinne ar dhifríochtaí pá.

Léiríonn **Airmheán** na Bearna Pá idir na hInscní go bhfuil an meánráta pá do na mná 0.26% níos airde ná an meánráta pá do na fir.

Tá difir idir **an Meán** agus **an tAirmheán** sa tuairisc, rud a d’fhéadfadh a chur in iúl go bhfuil na sonraí as a riocht de bharr grúpa ardioncaim a bheith ann.

**Fostaithe lánaimseartha**
Bhí thart ar 55% dár gcuid fostaithe go léir ag obair go lánaimseartha amhail an 30 Meitheamh 2023. B'fhir iad 35.92% díobh agus ba mhná iad 64.08%.

***Meán** na bearna pá idir na hinscní i gcás fostaithe lánaimseartha*
Ba é **Meán** na bearna pá idir na hinscní i gcás fostaithe lánaimseartha ná 1.9% i bhfabhar fostaithe fireanna.

***Airmheán** na bearna pá idir na hinscní i gcás fostaithe lánaimseartha*
Ba é **Airmheán** na bearna pá idir na hinscní i gcás fostaithe lánaimseartha ná 3.08% i bhfabhar fostaithe mná.

**Fostaithe páirtaimseartha**
Bhí thart ar 45% dár gcuid fostaithe go léir ag obair go páirtaimseartha amhail an 30 Meitheamh 2023. B’fhir iad 31.03% díobh agus ba mhná iad 68.97%.

***Meán** na bearna pá idir na hinscní i gcás fostaithe páirtaimseartha*
Ba é meán na bearna pá idir na hinscní i gcás fostaithe páirtaimseartha ná 7.56% i bhfabhar fostaithe fireanna.

***Airmheán** na bearna pá idir na hinscní i gcás fostaithe páirtaimseartha*
Ba é airmheán na bearna pá idir na hinscní i gcás fostaithe páirtaimseartha ná 0.04% i bhfabhar fostaithe baineanna.

**Bandaí Pá Ceathairíleacha**
Léirítear sa tuairisc líon na bhfostaithe a bhí sna bandaí pá ceathairíleacha in aghaidh na huaire seo a leanas: íochtarach, meán-íochtarach, meán-uachtarach agus uachtarach.

Chun fostaithe a chur sna bandaí pá ceathairíleacha sin, rinneadh gach ráta pá in aghaidh na huaire a shórtáil in ord íslitheach ón gceann ab airde go dtí an ceann ab ísle. Ansin, roinneadh na torthaí ina 4 cheathairíl chomhionanna agus rinneadh amach an cóimheas.

Ba é 48.98% baineann agus 51.02% fireann an cóimheas idir na mná agus na fir i gceathairíl 1: an cheathairíl uachtarach, rud a léiríonn líon suntasach na mban atá i róil shinsearacha[1] ar an bhfoireann (51% baineann i gcomparáid le 49% fireann).

## 3. AN RÁITEAS AR AN mBEARNA PHÁ IDIR NA hINSCNÍ, 2022

Is éard atá sa Bhearna Phá idir na hInscní ná ríomh ar an difríocht mar chéatadán idir meántuilleamh fear agus ban beag beann ar a ról. Ní hionann an Bhearna Pá idir na hInscní agus an pá comhionann. Faigheann gach uile fhostaí in BOO Chiarraí, idir fhir agus mhná, an pá céanna as an obair chéanna nó as obair chomhchosúil a dhéanamh, agus ní bhreathnaítear ar cheist an phá chomhionainn sa tuairisc seo.

Is iad an Roinn Oideachais agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a dhéanann scálaí tuarastail uile na mBord Oideachais agus Oiliúna a cheadú. Ní cheadaítear do BOO Chiarraí tuarastail a íoc nach bhfuil ag teacht leis na scálaí sin. Uaireanta, d'fhéadfadh sé go mbeadh fostaí nua ag teacht go BOO Chiarraí ó phost reatha eile sa tseirbhís phoiblí. Má cheaptar an té sin chun post a mheastar a bheith ar ghrád/scála den chineál céanna, féadtar an fostaí nua sin a cheapadh ag an bpointe ar an scála atá bainte amach aige nó aici cheana.

Cloíonn BOO Chiarraí le gach scála pá agus le haon chomhaontuithe pá sa tseirbhís phoiblí, rudaí a dhéanann foráil do phá comhionann as obair chomhionann beag beann ar inscne. Cloíonn BOO Chiarraí le Ciorclán 47/2020 — Socruithe athbhreithnithe a bhaineann le pá tosaigh. Leagtar amach sa Chiorclán sin nach mór dúinn daoine a cheapadh ag pointe íosta an scála ach amháin má shásaítear coinníollacha áirithe, mar a leagtar amach sa Chiorcláin iad.

Déanann BOO Chiarraí gach iarracht cloí leis an dea-chleachtas agus a chinntiú go bhfuil ár n-ionaid oibre inrochtana ag cách. Bíonn boird agallaimh atá cothrom ó thaobh inscne de i mbun gach agallaimh. Tá beartais agus nósanna imeachta uile BOO Chiarraí idir chuimsitheach agus inrochtana.

Bíonn tionchar ag na nithe seo a leanas ar na difríochtaí sa bhearna phá idir na hinscní:

- patrúin oibre — is iad mná den chuid is mó in BOO Chiarraí atá ag baint leas as socruithe solúbtha oibre (ní bhíonn tionchar aige sin ar an ráta pá in aghaidh na huaire),
- fágann an chaoi a bhfuil an fad seirbhíse incriminteach gurb iondúil go dtosaíonn tosaitheoirí nua ag pointe íseal ar scála na dtuarastal incriminteach.
- inscne na ndaoine a bhfuil ról shinsearach acu toisc go bhféadann líon beag fostaithe ardioncaim tionchar a bheith acu ar an meánfhigiúr.

Cuireann BOO Chiarraí réimse leathan roghanna solúbtha oibre agus saoire ar fáil do gach fostaí, lena n-áirítear an tsaoire cúramóirí, an tsaoire thuismitheoireachta, an tsaoire tuismitheoirí, postroinnt/obair-roinnt, sos gairme, srl.

Leanfaidh BOO Chiarraí air ag déanamh anailís ar na léargais a fhaighimid ónár dtuairiscí bliantúla ar an mBearna Phá idir na hInscní agus ag tabhairt aghaidh orthu, agus forbróidh bearta agus tionscnaimh de réir mar is gá sna blianta amach romhainn chun aghaidh a thabhairt ar aon nithe is údar imní a thiocfaidh chun cinn. Nuair is iomchuí, déanfar an méid sin i gcomhairle leis an Roinn Oideachais/leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

[1] POF, Stiúrthóirí, Príomhoidí, Bainisteoir Campais, Oifigigh Oideachais Aosaigh, Cinn Roinne, Oifigeach Forbartha Óige, Leas-Phríomhoidí, Bainisteoirí Cúnta, Leas-Chinn Roinne.